Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10028/26**

**SOC 306**
**EMPL 137**
**SAN 383**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann Lucsamburg |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann Lucsamburg**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

---

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 5 Márta 2025[2], cheap an Chomhairle lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 6 Márta 2025 go dtí an 5 Márta 2028.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Armin KOEGEL a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas Lucsamburg don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 5 Márta 2025 lena gceaptar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C C/2025/1689, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1689/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Marie-Anne BISDORFF ina comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Armin KOEGEL ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 5 Márta 2028.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*